**CUID A**

**Fógra a hAon**

**1. (a) Cad atá á lorg ag TG4?**
Tá Láithreoir spóirt á lorg ag TG4.

**(b) Luaigh dhá ghné de na cluichí a phléifear ar an gclár.**
Scileanna na n-imreoirí agus deiseanna scórála.

**2. Scríobh síos cáilíocht amháin atá riachtanach don phost seo.**
Líofacht sa Ghaeilge.

**3. Cad é an dáta deireanach le haghaidh na n-iarratas?**
19 Lúnasa.

**Fógra a Dó**

**1. (a) Cén lá speisialta a bheidh á eagrú ag Coiste Glas Scoil an Droichid Dé Céadaoin seo chugainn?**
Lá Gníomhaíochta ar son na hAeráide.

**(b) Cad é téama an lae speisialta seo?**
Lorg carbóin na scoile a laghdú.

**2. Cén teideal a bheidh ar an scannán a thaispeánfar do na scoláirí sinsearacha?**
Ár bPláinéad i mBaol.

**3. Scríobh síos ábhar amháin a phléifear sna ceardlanna éagsúla ar an lá.**
An athchúrsáil.

**CUID B**

**Comhrá a hAon**

**An Chéad Mhír**

**1. Cén dea-scéal atá ag Seán do Chiara?**
D'éirigh leis ina thriail tiomána.

**2. Cathain a bhí breithlá Chiara ann?**
Coicís ó shin.

**3. Luaigh cúis amháin a molfadh Seán go mór an teagascóir a bhí aige.**
Chuir sé ar a chompord é.

**An Dara Mír**

**1. Scríobh síos dhá chúis nach mbeadh Seán ábalta carr a choinneáil ar an mbóthar.**
Níl aon airgead aige agus tá an t-árachas róchostasach.

**2. Tabhair cúis amháin nach bhfuil aon ghá ag Seán le carr agus é ar an ollscoil.**
Tá stáisiún Luas gar dá lóistín.

**3. Cén fáth a bhfuil Ciara ag tnúth go mór lena carr féin a bheith aici?**
Ba bhreá léi a bheith neamhspleách ar a tuismitheoirí.

**Comhrá a Dó**

**An Chéad Mhír**

**1. Cén fáth a dtéann Máire go Corcaigh ag siopadóireacht go minic?**
Is ansin atá na siopaí is fearr.

**2. Cén saghas cóta a cheannaigh Máire?**
Cóta dearthóra.

**3. Luaigh rud amháin a deir Pól faoi shiopaí carthanachta.**
Bíonn margaí maithe ar fáil iontu.

**An Dara Mír**

**1. Scríobh síos dhá bhuntáiste a bhaineann leis an tsiopadóireacht d'éadaí ar líne, dar le Pól.**
Is féidir leis éadaí a cheannach aon am is maith leis agus tá éagsúlacht mhór éadaí le fáil.

**2. Tabhair an dá chúis ar sheol Máire ar ais an geansaí a cheannaigh sí ar líne.**
Bhí an mhéid mícheart agus níor thaitin an t-éadach léi.

**CUID C**

**Píosa a hAon**

**1. Cathain a sheol an rialtas an polasaí nua?**
I mí Mheán Fómhair seo caite.

**2. Cén aidhm atá le polasaí nua an rialtais?**
Dul i ngleic le géarchéim na tithíochta.

**3. Scríobh síos an dá thoradh fhiúntacha a chreideann an rialtas a bheidh ar na gníomhartha sa pholasaí nua seo.**
Deireadh le fadhb na heaspa dídine sa bhliain 2030 agus sochaí níos cothroime.

**Píosa a Dó**

**1. Cén fáth a bhfuil aitheantas bainte amach ag Dónall Ó Héalaí sa scannán Arracht?**
As cumas a chuid aisteoireachta.

**2. Cén tréimhse i stair na hÉireann ina bhfuil an scannán Arracht suite?**
An Gorta Mór.

**3. Tabhair cúis amháin a raibh Dónall Ó Héalaí an-bhródúil as páirt a bheith aige sa scannán Arracht**
Rinneadh an scannán ina cheantar dúchais féin.

| “Sochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann” | |
|---|---|
| **Oscailt**<br><br>1. Is sochaí éagothrom mhífhéaráilte í Éire inniu<br>2. Coimhlint mhór idir saibhreas agus bochtaineacht<br>3. Neart fadhbanna ag dó na geirbe<br>4. Tithíocht<br>5. Sláinte<br>6. Costas maireachtála<br>7. Oideachas<br>8. Tá géarghá le hathrú sa tír seo | **Alt 1 – Tithíocht**<br><br>1. Líon na ndaoine gan dídean ag ardú<br>2. Níl dóthain tithe á thógáil.<br>3. ‘Tithíocht do Chách’ – An oibreoidh an plean seo ?<br>4. Gealltanais nár coimeádadh<br>5. Is fusa gealltanas ná comhlíonadh<br>6. Cíos + praghsanna tithe imithe ó smacht |
| **Alt 2 – Sláinte**<br><br>1. Córas briste lochtach<br>2. Liostaí feithimh<br>3. Córas príobháideach / poiblí<br>4. Leisciúlacht. An pobal ag fanacht ar Otharlann nua na Leanaí<br>5. Tuarastal na bhfeidhmeannach ró-ard<br>6. Altraí ag dul ar imirce<br>7. Coinníollacha oibre ag dul in olcas. | **Alt 3 - Costas maireachtála**<br><br>1. Agóidí lá i ndiaidh lae<br>2. Fás tapa ar an ráta boilscithe<br>3. Brú millteanach ar theaghlaigh<br>4. Bia / Leictreachas / Peitreal / Ola / Gás<br>5. Meántuarastal na tíre ró-íseal.<br>6. Níos mó daoine faoi bhun thairseach na bochtaineachta.<br>7. Cad é an réiteach ? |
| **Alt 4 – An Córas Oideachais**<br><br>1. Iniúchadh mór a dhéanamh ar an gcóras Oideachais.<br>2. Sean-aimseartha nó féaráilte ?<br>3. Measúnú leanúnach – an réiteach sásúil é?<br>4. An nasc míshláintiúil idir saibhreas agus oideachas.<br>5. Scoileanna príobháideacha.<br>6. Córas na bpointí.<br>7. Brú / Meabhairshláinte | **Críoch**<br><br>1. Faoi láthair, éagothrom is mícheart gan aon agó<br>2. Amárach, ré nua?<br>3. Cad gur féidir linn a dhéanamh?<br>4. An bhfuil comhionannas ag teastáil uainn mar shochaí?<br>5. Ag dul i dtreo ghealtachas Mheiriceá.<br>6. Moladh a thabhairt más féidir – Aire a thabhairt dá chéile<br>7. “Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine”<br>8. Is maith an scéalaí an aimsir |

**1. (a) Cén nós a bhíonn ag daoine ag deireadh gach bliana?**

Bíonn sé de nós ag daoine ag deireadh gach bliana súil siar a chaitheamh ar an mbliain atá díreach imithe thart.

**(b) (i) Scríobh síos rud amháin a dúirt an tUachtarán, Micheál D. Ó hUiginn, nuair a cailleadh Máire Mhac an tSaoi.**

Luaigh sé an paisean tógálach a bhí aici don Ghaeilge.

**(b) (ii) Luaigh rud amháin a dúradh sna hailt a foilsíodh in irisí agus i nuachtáin in ómós do Mháire Mhac an tSaoi.**

Dúradh go mairfeadh a cáil mar bhean liteartha i bhfad.

**2. (a) Tabhair dhá phointe eolais faoi athair Mháire, Seán Mac an tSaoi.**

Throid sé in Éirí Amach na Cásca agus bhí sé ina Aire Airgeadais.

**(b) (i) Cá bhfios dúinn go raibh cumas intleachta as an ngnách i Máire?**

Bhuaigh Máire an Scoláireacht Taistil.

**(b) (ii) Cén fáth arbh éigean do Mháire an plean a bhí aici chun dul ag staidéar in *Institut des Hautes Études en Sorbonne* i bPáras, a chur ar athlá?**

Bhí ar Mháire a plean a chur ar athlá toisc go raibh an Dara Cogadh Domhanda ar siúl.

**3. (a) Scríobh síos dhá chúis nach ndeachaigh Máire leis an dlí mar ghairm bheatha riamh.**

Ní raibh mian a croí ann agus bhí níos mó suime aici i gcúrsaí litríochta.

**(b) (i) Cén toradh a bhí ar scrúdú oscailte iomaíoch na Státseirbhíse a rinne Máire?**

Ceapadh í mar oifigeach riaracháin sa Roinn Gnóthaí Eachtracha.

**(b) (ii) Cén obair a rinne Máire ar feadh trí bliana nuair a d'fhill sí ar Bhaile Átha Cliath as Maidrid?**

Bhí sí ar an bhfoireann a chabhraigh le Tomás de Bhaldraithe Foclóir Béarla-Gaeilge

a chur le chéile.

**4. (a) Tabhair dhá shlí ina raibh tionchar mór ag uncail Mháire, an Moinsíneoir Pádraig de Brún, ar a saol ó thaobh na Gaeilge de.**

Dúirt Máire gur trí mheán na Gaeilge a thug a huncail an t-eolas go léir ar chúrsaí léinn di agus thóg sé teach, 'Tigh na Cille', i nDún Chaoin i nGaeltacht Chorca Dhuibhne chun gurbh

fhéidir le clann a dheirféar, máthair Mháire, fás aníos ag labhairt Gaeilge.

**(b) (i) Conas a chuir na tréimhsí a chaith Máire i gCorca Dhuibhne lena cumas filíochta?**

Ba é an paisean a bhí aici don teanga a mhúnlaigh a modh smaointeoireachta.

**(b) (ii) Luaigh rud amháin a dúirt Máire in agallamh san iris Comhar in 2012.**

Dúirt sí go raibh sí buartha i gcónaí go gcaillfí an chuid sin d'oidhreacht na hÉireann

a bhaineann leis an nGaeilge.

**5. (a) Cén fáth a ndeirtear go raibh Máire Mhac an tSaoi misniúil ó thaobh téamaí de ina cuid filíochta?**

Scríobh sí go hoscailte fírinneach faoi mhianta collaí agus faoin máithreachas ag am a raibh ról agus guth na mban sa saol poiblí agus sa litríocht fós cúng srianta.

**(b) (i) Luaigh an dá chúis ar bhain sí úsáid as pearsana ban as traidisiúin litríochta na Gaeilge ina cuid filíochta.**

Bhain Máire úsáid as pearsana ban as traidisiúin litríochta na Gaeilge ina cuid filíochta chun ábhar mothálach a láimhseáil ar bhealach drámata agus chun an t-eispéireas baineann a fhiosrú.

**(b) (ii) Cad a spreag Máire chun scríobh faoi Phiaras Feiritéar?**

Spreag na scéalta a chuala sí faoi Phiaras Feiritéar i nDún Chaoin í.

**6. (a) Aimsigh sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 1 agus sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 5.**

mairfeadh

cuimhneofar

**6. (b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé ar dhá thréith de chuid Mháire Mhac an tSaoi, dar leat. Bíodh sampla amháin ón sliocht agat, i d'fhocail féin, ag tacú le gach tréith a luann tú i do fhreagra. (Is leor 60 focal.)**

Ceannródaí mná ba ea Máire. Bhris sí talamh nua nuair a thosaigh sí ag obair mar oifigeach riaracháin sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, post nach raibh ag bean ar bith roimhe seo.

Bhí Máire an-dílis don Ghaeilge. D'úsáid sí a scileanna teanga chun saothair a bhí scríofa sa Spáinnis, sa Fhraincis agus sa Ghearmáinis a aistriú go Gaeilge.

**1. (a) Scríobh síos dhá chúis a bhfuil ár bhféiniúlacht chultúrtha tábhachtach dúinn mar Ghaeil.**

Tá ár bhféiniúlacht chultúrtha tábhachtach dúinn mar Ghaeil toisc go dtugann sí aitheantas dúinn mar chine agus músclaíonn sí mórtas ionainn mar Ghaeil.

**(b) (i) Luaigh pointe amháin eolais faoin bhféile cheoil bhliantúil, Fleadh Cheoil na hÉireann.**

Meallann an fhéile ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí ó gach cearn den tír agus ó thíortha thar lear.

**(ii) Tabhair toradh amháin a bhí ar na seónna Riverdance agus Lord of the Dance.**

Tharraing na seónna aird an domhain ar thraidisiún bríomhar ceoil agus rince

na hÉireann.

**2. (a) Luaigh dhá phointe eolais faoin obair a rinne Conradh na Gaeilge chun an Ghaeilge agus an fhéiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn.**

Cuireadh craobhacha den Chonradh ar bun ar fud na tíre agus bhíodh an Ghaeilge, an ceol agus na rincí Gaelacha á múineadh sna craobhacha sin.

**(b) (i) Cén fáth ar bunaíodh Coimisiún Béaloideas Éireann i 1935?**

Bunaíodh Coimisiún Béaloideas Éireann chun béaloideas agus oidhreacht chultúir na tíre a bhailiú sula rachadh siad i léig.

**(ii) Cén tábhacht a bhain leis an obair bhailiúcháin a rinne Séamus Ennis agus bailitheoirí ceoil eile?**

Murach an obair bhailiúcháin a rinne Séamus Ennis agus bailitheoirí ceoil eile, chaillfí go deo cuid mhaith de na hamhráin agus de na foinn atá le cloisteáil go fairsing anois.

**3. (a) Cén cóiriú nuálach a chuir Seán Ó Riada ar an gceol traidisiúnta sa scannán Mise Éire?**

Chóirigh sé foinn thraidisiúnta agus amhráin sean-nóis do cheolfhoireann shiansach.

**(b) (i) Cén bealach nua a d'aimsigh Ó Riada agus Ceoltóirí Chualann leis an gceol traidisiúnta a chur i láthair an phobail?**

Bhí meascán uirlisí acu agus chuir siad béim ar gach uirlis go haonarach chomh maith leis na huirlisí a bheith á seinm i dteannta a chéile.

**(ii) Luaigh rud amháin a léiríonn gur chuir The Chieftains ceol traidisiúnta na hÉireann ar an stáitse idirnáisiúnta.**

Chuaigh The Chieftains ar camchuairteanna ar fud an domhain.

**4. (a) Scríobh síos dhá phointe eolais faoi thraidisiún na píbe uilleann faoi na 1960idí.**

Faoi na 1960idí, bhí traidisiún na píbe uilleann i ndeireadh na feide agus ní raibh ach fíorbheagán píobairí in Éirinn

**(b) (i) Tabhair sampla amháin den bhaint a bhí ag Liam Óg Ó Floinn leis an bhfás mór**

**a tháinig ar cháil na píbe uilleann.**

Bhí Liam Óg Ó Floinn i measc bhunaitheoirí an chumainn, Na Píobairí Uilleann, sa bhliain 1968 agus é mar chuspóir acu ceol na píbe uilleann a athbheochan.

**(ii) Cén fáth a bhfuil an Phíobaireacht Uilleann agus an Chruitireacht aitheanta ag Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO)**

Tá an an Phíobaireacht Uilleann agus an Chruitireacht aitheanta ag Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe chun iad a chosaint do na glúnta atá le teacht.

**5. (a) Scríobh síos dhá bhealach a gcabhraíonn forbairtí na teicneolaíochta le cur chun cinn an cheoil thraidisiúnta le blianta beaga anuas.**

Cuireann TG4 ardáin ar fáil do dhaoine atá ag cothú agus ag cur chun cinn an cheoil thraidisiúnta agus is féidir le haon duine ar domhan an ceol agus na hamhráin a íoslódáil ó na seirbhísí sruthaithe ceoil in áit ar bith.

**(b) (i) Luaigh dhá chúram atá ar an gComhairle Ealaíon.**

Tá an Chomhairle Ealaíon freagrach as na healaíona a fhorbairt agus spéis an phobail a spreagadh sna healaíona.

**(ii) Scríobh síos dhá phointe eolais faoi Thaisce Cheol Dúchais Éireann i mBaile Átha Cliath.**

Is cartlann acmhainní agus ionad tagartha í do dhaoine a bhfuil suim acu san amhránaíocht, sa cheol uirlise agus i rince dúchais na hÉireann.

**6. (a) Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 2 agus sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 5.**

bunaíodh

na teicneolaíochta

**(b) Conas a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort? Tabhair dhá phointe eolais, i d'fhocail féin, as an sliocht, mar thacaíocht le do fhreagra.**

Baineadh siar is stangadh asam nuair a léigh mé go raibh traidisiún na píbe uilleann ar tí báis.

Mhúscail an sliocht bród ionam nuair a léigh mé go bhfuil an phíobaireacht uilleann cosanta ag an eagraíocht UNESCO. Creidim go láidir go bhfuil traidisiún na píobaireachta tábhachtach sa tír seo.

Cuireadh gliondar croí orm nuair a leigh mé go bhfuil TG4 agus Raidió na Gaeltachta ann chun tacú le ceoltóirí na hÉireann. Cabhróidh an t-aitheantas seo go mór le dul chun cinn an cheoil.

**Hurlamaboc**

Léirítear meon Lisín go lom sa scéal Hurlamaboc agus is é an meon sin a mhúnlaíonn an saghas saoil atá ag Lisín agus a teaghlach i gcoitinne.

Is carachtar leithleach féinlárnach í Lisín atá go hiomlán gafa le foirfeacht, faisean agus féiníomhá. Nuair atá cóisir mhór chaithréimeach á heagrú sa teach, déanann Lisín cinnte go bhfuil gach rud foirfe. Líonann sí reoiteoir a haon agus a dó lán go béal le bia breá, cuireann sí snas ar a hurláir agus péint úr nua ar a ballaí. I dteach Lisín, ní cheadaítear neamhfhoirfeacht. Is eiseamláir í Lisín do na mná eile ar Ascaill na Fuinseoige. Ise an fáth a bhfuil gruaig fhionn ag a comharsana. Ní stopann Lisín anseo áfach. Ní mór di a bheith níos faiseanta agus níos fearr ná gach aon duine eile. Go deimhin, tá éirí in airde ag baint léi. Freastalaíonn Lisín ar an oiread sin ranganna teangacha agus déanann sí cinnte go gcloiseann gach uile duine ar an tsráid fúthu. Ligeann sí uirthi go bhfuil sí ag foghlaim na dteangacha seo chun a híomhá phoiblí a neartú.

Ag deireadh an lae, is í a féiníomhá an ní is tábhachtaí di. Mar thoradh ar an bhfealsúnacht seo, is éigean dá teaghlach a saol a chaitheamh go bréagach faoina smacht. Bíonn sé de nós ag gach duine sa teaghlach an rud a theastaíonn ó Lisín a chloisteáil a rá léi. Mar shampla, deir Ruán go mbeidh an chóisir “cool” nuair a chreideann sé a mhalairt i ndáiríre.

Tá Lisín chomh gafa sin lena féiníomhá nach féidir léi comhbhá a bheith aici lena páistí nó lena fear céile. Ní hé gur phós sí Pól toisc go raibheadar i ngrá. D’infheistigh sí a cuid ama i bPól ionas go mbeadh fear saibhir rathúil aici agus mar sin, íomhá sheachtrach níos láidre aici. Murach an brú ard a chuir Lisín ar Phól, ní bheadh sé ina léachtóir ollscoile ag carnadh airgid. Cuirtear an brú céanna seo ar pháistí an teaghlaigh.

“Moladh agus spreagadh” amháin a thugann Lisín do Ruán. Tá ualach trom air dul thar fóir i ngach aon ní sa saol. Cosúil lena mháthair, caithfidh Ruán a bheith níos fearr ná gach duine eile. Cuireann an brú iomarcach seo isteach go mór ar mheabhairshláinte Ruáin. Ní aithníonn Lisín go bhfuil a mac gan mórán díograise agus gan uaillmhian. Toisc nach bhfuil comhbhá ag Lisín le Ruán, bíonn air a thuairimí a choimeád faoi rún agus dul ag streachailt lena mhothúcháin ina aonair.

Is bean í Lisín atá ró-thógtha le rachmas, gustal agus lena híomhá phoiblí. Cuireann sí na luachanna seo thar gach ní eile sa saol agus tá neart drochiarmhairtí ag baint leis an mbéim mhór seo. Cuirtear an iomarca brú ar an teaghlach obair dhian chrua a chur isteach lá i ndiaidh lae. Tugann Lisín neamhaird ar mheabhairshláinte a páistí, Ruán ach go háirithe. Tá eagla ar gach duine dul i gcoinne thuairimí Lisín. Ní saol ceart é seo. Tá saol bréagach saorga múnlaithe ag Lisín dá teaghlach.

**An tEarrach Thiar**

**(i)**

Bhain an file Máirtín Ó Direáin an-leas as friotail sa dán, 'An tEarrach Thiar' chun radhairc is fuaimeanna a chruthú in intinn an léitheora. Tugann an dán seo léiriú gléineach dúinn ar na hoileáin Árainn mar a bhíodar agus an file ina bhuachaill óg.

Cuirtear tús leis an dán le fear ag obair go tréan "sa gciúnas shéimh". Níl le cloisteáil ach an fear agus a uirlis. Feictear níos déanaí gurb í seo an chéad íomhá de dhuine ag obair ar son mhuintir an oileáin. "Fear ag glanadh cré"

Tá an dara híomhá oibre suite i rann a dó áit a bhfuil fear ag bailiú feamainne. Tá an-éifeacht ag baint leis na focail "Ag lonrú" a fhágáil leo féin ar líne nua. Cuirtear béim bhreise orthu agus is gá stopadh ar feadh siolla. Tugtar spás don léitheoir radharc den fheamainn ag glioscarnach a chruthú inár n-intinn. Tá codarsnacht mhór idir an dearg atá ag teacht ón bhfeamainn agus an bán a thagann ón "duirling bháin".

Cosúil leis an gcéad rann, tá fuaim le cloisteáil ó obair an phobail sa tríú véarsa. Tá na hoibrithe díograiseacha le feiceáil freisin agus "a gcótaí craptha". Chruthaigh Máirtín Ó Direáin íomhá úr nua i m'intinn ó dhá fhocal nach raibh feicthe agam in aice a chéile, "Támh-radharc síothach". Rinne sé iarracht mhór an íomhá áirithe seo a chur os ár gcomhair trí chomhfhocal nua a chumadh.

Sa véarsa deireanach, tá comhfhocal nua eile cumtha ag Máirtín Ó Direáin. "Toll-bhuillí fanna". Ón líne seo, samhlaím tonn fuaime íseal ag scaipeadh amach i ngach aon treo. Feicim criú an bháid bhig amuigh ina n-aonair sa mhuir fhairsing. Ina theannta seo, cloistear fuaim ar leith ag teacht ó na "maidí rámha" ag casadh i gcoinne adhmaid an bháid. An íomhá dheireanach a fheicim ná an ghrian ag dul faoi ar lá eile "san Earrach Thiar".

Is dán den chéad scoth é 'An tEarrach Thiar' atá breac le radhairc is fuaimeanna a bhain le saol an oileáin agus Máirtín Ó Direáin ina ghasúr. Tráth dá raibh, chun go mbeadh muintir an oileáin in ann maireachtáil, b'éigean don phobal uilig teacht le chéile agus obair chrua a chur isteach lá i ndiaidh lae. Tá radhairc agus fuaimeanna ón bpobal is ón oileán seo nach bhfaighfeá áit ar bith eile ar domhan. Sílim gur thug Máirtín Ó Direáin níos mó dúinn ná cuntas gairid ar dheasghnátha an oileáin mar a bhí fadó. Léirigh sé gur ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

**(ii)**

Tá an-tábhacht leis an athrá seo. Cuireann an t-athrá go mór le ceol is rithim an dáin. Léiríonn sé dúinn nach bhféadfadh an dán seo a bheith mar chur síos ar aon áit eile ar domhan agus go raibh grá mór ag an bhfile don oileán.

Léiríonn an file tábhacht an oileáin leis an athrá freisin. Meabhraíonn sé dúinn ag gach véarsa go bhfuil na radhairc áille seo le feiceáil ar Inis Mór amháin san Earrach.

**(iii)**

Scríobh Máirtín Ó Direáin an dán seo. Rugadh é in Inis Mór, Árainn sa bhliain 1910. Feirmeoirí beaga ba ea a mhuintir. D'oibrigh Máirtín in Ard-Oifig an Phoist i nGaillimh. Chuaigh sé go Baile Átha Cliath sa bhliain 1937. Fuair sé bás sa bhliain 1988. Tá neart scríofa aige cosúil le Feamainn Bhealtaine, Ceacht an Éin agus Crann is Airde.

**Colscaradh**

**(i)**

Cuireann an file Pádraig Mac Suibhne dhá thuiscint éagsúla i dtaca leis an bpósadh in iúl dúinn sa dán 'Colscaradh'. Sa chéad véarsa, dírítear ar mheon traidisiúnta an fhir agus sa dara rann, tugtar cuntas dúinn ar dhearcadh nua-aimseartha na mná. Ní hé go seasann taobh amháin den dán do dhearcadh na mban nó dearcadh na bhfear i gcoitinne. Níl sna carachtair seo ach siombail de dhá dhearcadh éagsúla i leith an phósta.

Sa chéad véarsa, dírítear ar mheon traidisiúnta an fhir. Tá bean á lorg ag an bhfear seo a bheidh sásta socrú síos ina áit dúchais féin, i "nead a chine". Níl rud ar bith mícheart leis sin ann féin ach in éineacht leis na teastálacha a leanann, tugtar léargas níos coimeádaí dúinn ar an bpósadh. Tá suntas ag baint leis dara húsáid a baineadh as an aidiacht shealbhach sa dán sa líne, "ar leac a thine". 'A thine' atá ann murab ionann agus 'a dtine'. Is nod eile é seo a insíonn dúinn gur mhaith leis an bhfear an chumhacht go léir sa chaidreamh seo. Dar leis an bhfear seanaimseartha, tá sé de dhualgas ag mná pósta fanacht sa bhaile agus a bheith sona sásta "i dtógáil chlainne". Fágtar an obair tí leis an mbean agus ligtear don fhear a rogha rud a dhéanamh. Is meon traidisiúnta sean-aimseartha é seo i leith an phósta. Tá dearcadh iomlán éagsúil ag an mbean sa dara rann.

In ionad an chumhacht go léir a thabhairt don fhear, tá cothrom na Féinne á éileamh ag an mbean nua-aimseartha liobrálach sa dara véarsa. Níl uaithi ach "taobh den bhríste" agus "leath den chíste". Comhionannas atá á lorg aici. Tá a cuid airgid féin agus saoirse tábhachtach di, "Saoire thar lear"." Tá codarsnacht shuntasach ann idir na focail a úsáideann an bheirt chun cur síos a dhéanamh ar an sórt grá atá uathu. Úsáideann an fear an focal "gean" agus úsáideann an bhean "searc". Cion atá ón bhfear ach grá paiseanta atá ón mbean. Tá tuiscintí éagsúla ag an mbeirt seo ar an gcoincheap céanna. Ní bheadh sí sásta fanacht sa bhaile faoi bhois an chait. Tá freagracht agus stádas de dhíth uaithi "meas".

Sa rann deireanach, bristear an rithim a bhí á leanúint go dtí seo sna véarsaí eile. Táimid tagtha chuig buaicphointe an dáin. Ba mhaith leis an mbeirt seo a mianta difriúla féin a bhaint amach agus tuigtear nach bhfuil ach slí amháin ar féidir leo a spriocanna éagsúla a bhaint, is éigean dóibh scaradh. Níl aon leigheas ar na deacrachtaí ina gcaidreamh ach Colscaradh.

**(ii)**

Úsáidtear an saorbhriathar ag deireadh an dáin, "Thángthas ar réiteach". Ní réitíonn an bheirt seo le chéile ar chor ar bith. Fiú sna línte deireanacha. Tugann úsáid an tsaorbhriathair le fios nár tháinig an bhean agus an fear ar an réiteach seo, tríú páirtí a tháinig ar an bhfuascailt.

Anuas ar seo, cuireann an focal "Scaradar" deireadh gonta láidir leis an dán. Cuireann an focal aonarach béim mhór ar an bpointe nach bhfuil an dara rogha ag an lánúin seo ach deireadh sciobtha a chur leis an gcleamhnas damanta seo.

**(iii)**

Pádraig Mac Suibhne a chum an dán seo.

Rugadh Pádraig Mac Suibhne i gcontae Dhún na nGall sa bhliain 1942. Feirmeoirí beaga ba ea a thuismitheoirí. Bhí sé ina ábhar sagairt i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad. Bhain sé céim amach sa Ghaeilge agus sa Stair. Fuair sé bás sa bhliain 2020. Tá neart scríofa aige cosúil le Taibhsí an Chreagáin, Spaisteoireacht agus An Coinín Cliste.

**An Triail**

Is fear sleamhain gan puinn scrupaill é Pádraig Mac Cárthaigh sa dráma seo. Is múinteoir scoile é Pádraig sa dráma seo agus cuireann sé aithne ar Mháire ag an damhsa a bhí ar siúl sa teach scoile. Is fear drúisiúil é Pádraig agus déanann sé iarracht caidreamh a chruthú le Máire láithreach bonn cé go bhfuil bean chéile aige sa bhaile. Ón bpointe seo ar aghaidh téann Pádraig i dtaithí ar shaontacht agus ar shoineantacht Mháire. Éiríonn leis smacht iomlán a fháil ar aigne an chailín óig. Íocann Máire go daor as an dílseacht a léirigh sí don fhear mínáireach féinlárnach seo.

Is cladhaire é Pádraig sa dráma seo agus déanann sí dúshaothrú ar shaontacht Mháire. Deir Máire leis nach bhfuil 'taithí' aici ar an saol agus tosaíonn a chaint bhladrach ansin. Deir sé léi gur cailín álainn í agus tugann sé moladh di as ucht an amhráin a chan sí. Tá caidreamh rúnda acu ach cinntíonn Pádraig go bhfuil sé cosanta ón tsochaí chruálach. Iarrann sé uirthi gan focal a lua le duine ar bith faoin gcaidreamh mar "déarfaí gur rud gránna, gur rud peacúil é". Is léir ón ngníomh glic seo gur tábhachtaí a íomhá a chosaint ná sláinte Mháire. Ach is bean mhacánta í Máire agus cuireann a coinsias isteach go mór uirthi. Cruthaíonn sé seo fadhb eile do Phádraig. Tá sé de chumas ag béal binn an fhir seo gach ní a shásamh. Tosaíonn bréaga Pádraig anseo agus leanann sé ag insint bréag go dtí bás Mháire.

Ar an gcéad dul síos deir sé le Máire go bhfuil "galar gan leigheas" ar a bhean chéile agus "níor fhéad sí riamh a bheith ina bean chéile cheart". Téann sé i muinín Mháire ag cur ina luí uirthi gurbh í an grá a thug sí dó an rud a thugann neart dó. Deir sé léi gur "rud beannaithe" a bhí eatarthu. Leanann sé lena chleasaíocht agus bhí searmanais bhréagach aige chun Máire a phósadh. Déanann sé na rudaí seo ar fad chun trua a spreagadh inti dó. Cur i gcéill a bhí ann chun smacht a fháil ar a haigne. Is léir óna iompar ag deireadh an dráma nach raibh suim aige riamh í a phósadh.

Tá Máire an-dílis do Phádraig agus íocann sí go daor as. Ní luann sí "ainm an fhir" le duine ar bith sa dráma seo agus leanann a cruachás de bharr seo. Bhí sí chomh gafa le Pádraig go raibh sí sásta fulaingt ar a shon. Thug sí gealltanas dó nach scríobhfadh sí dó agus gheall sé di go n-aimseodh sé í tar éis dá bhean bás a fháil. Tá sí cinnte de go dtiocfadh sé ar a tóir. Ar an drochuair nuair a bhuaileann an bheirt acu arís i dteach an mhíchlú, tuigeann sí an fhírinne shearbh ansin don chéad uair riamh. "Ní do mo lorgsa a tháinig tú anseo". Mheall sí í le briathra binne agus thréig sé í ar mhaithe lena íomhá féin. Níor theastaigh uaidh a iníon a fheiceáil. Ghlaoigh sé striapach uirthi agus ba é sin an buille marfach do Mháire. Cuireann sí lámh ina bás féin agus maraíonn sí an leanbh.

Tá an milleán ar Phádraig mar gheall ar an tragóid seo. Smachtaigh agus cheannasaigh sé Máire. Chuir sé í faoi bhois an chait agus ar deireadh thréig sé í. Thug Máire grá gan chuntar do Phádraig agus d'íoc sí go daor as an dílseacht.